**Cuntas Leithreasa 2016**

# Vóta 5

# Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 5, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus ar chaiteachais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €259,940 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheannaire Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Chomhlíon mé mo dhualgais i leith an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse a bhí ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla.

Tá mé ag brath ar litir dhearbhaithe a fuarthas ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta Sheirbhísí Chomhroinnte go bhfuil na rialaithe cuí i bhfeidhm i dtaobh seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Oifig na treoirlínte ach amháin i gcás ceithre gconradh arbh fhiú €678,928 ar an iomlán iad a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Ní raibh ach soláthróir seirbhíse amháin ar fáil do dhá chonradh, dar luach €64,605 dóibh. Shíneadh conradh eile dar luach €26,471dó, a bhain le soláthar nascachta sonraí níos faide ná an fad tairisceana fógraithe de bhrí gur cuireadh moill ar laghdú ar líon na n-áiteanna ina bhfuil foireann na hOifige bunaithe. Rinneadh an conradh deiridh do sholáthar seirbhísí slándála stataí, dar luach €587,852 dó, a athnuachan gan chomórtas tairisceana mar nach raibh cur i gcrích tagtha le comórtais de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais chun comhaontú creatlaí a bhunú.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Barry Donoghue**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

21 Meán Fómhair 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt san chuntas leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntas leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Ofig. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Meán Fómhair 2017

# Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Soláthar seirbhís ionchúisimh | 39,861 | 39,417 | 38,622 |
| | **Olliomlán** | **39,861** | **39,417** | **38,622** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **975** | **791** | **953** |
| | **Glaniomlán** | **38,886** | **38,626** | **37,669** |

**Farasbarr le géilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le géilleadh | 259,940 | 164,795 |

**Anailís chaiteachais riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 13,400 | 12,825 | 12,963 |
| ii | Taisteal agus cothú | 109 | 131 | 91 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 991 | 1,259 | 1,139 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 250 | 207 | 219 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TEC seachtracha | 808 | 516 | 422 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,142 | 490 | 983 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 37 | 13 | 30 |
| | | **16,737** | **15,441** | **15,847** |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas Chostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas chláir | | 23,976 | 22,775 |
| Pá | | 12,825 | 12,963 |
| Caiteachas eile | | 2,616 | 2,884 |
| **Olliomlán** | | **39,417** | **38,622** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **791** | **953** |
| **Glaniomlán** | | **38,626** | **37,669** |
| **Athraithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (93) | | |
| Dímheas | 157 | | |
| Calliúint ar diúscairti | 6 | | |
| | | 70 | 83 |
| **Athraithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú i gcostais fabhruithe deiridh | 216 | | |
| Méadú i stoc | (6) | | |
| | | 210 | 354 |
| **Caiteachas díreach** | | **38,906** | **38,106** |
| **Caiteachas iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,600 | 2,509 |
| Meascíosanna | | 457 | 457 |
| **Costas chláir ghlan** | | **41,963** | **41,072** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an caiteachas glan ar Sheirbhísí Gaolta déanta suas de na méideanna seo a leanas á iompar ag Vótaí eile maidir le Vóta 5.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 1,186 | 1,106 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poibli | 1,230 | 1,203 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 24 | 20 |
| Vóta 20 Garda Síochána | 160 | 180 |
| | **2,600** | **2,509** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **301** | **358** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 854 | 968 |
| Stoic | 2.4 | 67 | 61 |
| Réamhíocaíochtaí | | 145 | 142 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 230 | 84 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,296** | **1,255** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 94 | 3 |
| Costais fhabhraithe | | 3,109 | 2,890 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 990 | 1,049 |
| **Iomlán dliteanas reatha** | | **4,193** | **3,942** |
| **Glandliteanais reatha** | | (2,897) | **(2,687)** |
| **Glanditeanais** | | **(2,596)** | **(2,329)** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **(2,596)** | **(2,329)** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | (2,329) | (1,892) |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 38,886 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (260) | | |
| Vóta glan | | | 38,626 | 37,669 |
| Caiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1 | | 2,600 | 2,509 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 457 | 457 |
| Costas glan clár | 1 | | (41,963) | (41,072) |
| Míreanna Neamh-Airgid: Coigeartú Sócmhainní Caipitil | 2.2 | | 13 | — |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **(2,596)** | **(2,329)** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomláin |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollshócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 3,389 | 687 | 4,076 |
| Breiseanna | 89 | 4 | 93 |
| Coigeartú Sócmhainní Caipitil[a] | 13 | — | 13 |
| Aistrithe | — | (28) | (28) |
| Diúscairtí | (33) | (2) | (35) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 3,458 | 661 | 4,119 |
| | | | |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | 3,163 | 555 | 3,718 |
| Dímheas don bhliain | 112 | 45 | 157 |
| Dímheas ar aistrithe | — | (22) | (22) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (33) | (2) | (35) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2016 | 3,242 | 576 | 3,818 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **216** | **85** | **301** |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **226** | **132** | **358** |

[a] Nóta: Is sócmhainní iad seo a ceannaíodh i 2015 le luach iomlán de €12,976 nár caipitlíodh i 2015. Tá na sócmhainní san áireamh mar Coigeartú Sócmhainní Caipitil i 2016.

| **2.3 Banc agus airgead tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iarmhéid PMG | 837 | 904 |
| Iarmhéid chuntais bhainc thráchtála | 17 | 64 |
| | 854 | 968 |

| **2.4 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Stáiseanóireacht | 36 | 36 |
| Tomhaltáin TE | 31 | 25 |
| | 67 | 61 |

| **2.5 Iarmhéideanna dochair eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iarmhéideanna dochair eile | 230 | 84 |

| **2.6 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suim atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 551 | 536 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 176 | 160 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 259 | 211 |
| Cáin Bhreisluacha | 4 | 20 |
| | 990 | 927 |
| Aisbhaintí ó thuarastail atá i gcuntais fionraithe | — | 115 |
| Míreanna creidmheasa fionraí eile | — | 7 |
| | 990 | 1,049 |

| **2.7 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farrasbar le géilleadh | 260 | 165 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (166) | (162) |
| Glandliteanas don Státchiste | 94 | 3 |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 854 | 968 |
| Iarmhéideanna Dochair: fionraí | 230 | 84 |
| | 1,084 | 1,052 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (990) | (927) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | — | (122) |
| | (990) | (1,049) |
| | | |
| | 94 | 3 |

**2.8 Ceangaltais**

Bhí ceangaltais ag an Oifig maidir le táillí dlíthiúla ag deireadh na bliana ach tá sé deacair luach na gceangaltais seo a mheas go cruinn mar gheall ar neamhchinnteachtaí dúchasacha agus stádas na gcásanna amuigh. Ní raibh aon ceangaltas eile a bheadh in-fheidhmithe go dlíthiúil ag an Oifig ag 31 Nollaig 2016 (2015: neamhní).

| **2.9 Dliteanais Aibí** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Meastachán ar dhliteanais aibí neamh-urscaoilte ag deireadh na bliana | 138 | — |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-cheannteidil

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Soláthar seirbhís ionchúisimh** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 13,400 | 12,825 | 12,963 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 3,337 | 2,616 | 2,884 |
| A.3 | Táillí d’abhcóidí | 14,248 | 14,858 | 14,022 |
| A.4 | Costais dlí ghinearálta | 2,226 | 2,571 | 2,319 |
| A.5 | Seirbhís aturnaetha stáit áitiúla | 6,650 | 6,547 | 6,434 |
| | | **39,861** | **39,417** | **38,622** |

**Athraithe suntasacha**

San iomlán, bhí caiteachas an chláir €444,000 níos mó/lú ná mar a ndearnadh soláthar dó. Seo a leanas éagsúlachtaí suntasacha:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a solátharaíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - caiteachas eile | 721 | D´eascair coigilteas ós rud é nach ndeachthas ar aghaidh le hoibreacha caipitil a bhí beartaithe le tarlú i 2016. |
| Costais dlí ghinearálta | (345) | Bhí barrachas faoin bhfo-ceannteideal seo de bharr gradam costas a bhain le triail airgeadais casta aonair. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ilghnéitheacha | 80 | 110 | 140 |
| 2. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair seirbhíse poiblí | 895 | 681 | 813 |
| | **Iomlán** | **975** | **791** | **953** |

**Athraithe suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheidil ina raibh an toradh éagsúil ón méid measta de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Fáltais ó asbhaint abhaineann le pinsin arluach saothair seirbhíse poiblí | 214 | Bhí na fáltais níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar mhéadú sna tairseacha bliantúla ABP agus ós rud é nár líonadh poist a ndearnadh buiséadú dóibh. |

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha don Státchiste**

Rinneadh fáltais ar luach €23,324 a eascraíonn as forghéillithe a ordaíodh ag na cúirteanna a lóisteáil don Státchiste.

# 5 Líon Foirne agus Pá

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimsire) | 194 | 189 |

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 11,783 | 11,901 |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 119 | 148 |
| Ragobair | 5 | 2 |
| ÁSPC Fostóra | 918 | 912 |
| **Pá iomlán** | **12,825** | **12,963** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2016 | 2015 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 50 | 3 | 37,757 | 61,878 |
| Ragobair agus tinreamh sa bhreis | 4 | — | 2,909 | 632 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | — | — | — | 449 |

**5.2 Socruithe Luach Saothair Eile**

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €138,244 i leith oifigeach amháin a bhí ag freastal taobh amuigh den Oifig i 2016 agus ar íocadh a chuid tuarastal as Fo-cheannteideal A.1.

**5.3 Ró-íocaíochtaí párolla**

Bhí luach €10,409 (11 chás) (2015: €251, 1 chás) de ró-íocaíochtaí párolla ag deireadh na bliana. Astu seo, tá pleananna gnóthaithe i bhfeidhm maidir le €6,004 (10 gcás).